**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2025/0101(COD)**

26.9.2025

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais
(COM(2025)0186 – C10-0069/2025 – 2025/0101(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Alessandro Ciriani

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....14

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais**
**(COM(2025)0186 – C10-0069/2025 – 2025/0101(COD))**

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0186),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 78(2), pointe (d), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0069/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón bhFochoiste um Chearta an Duine,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Dheonaigh an Chomhairle Eorpach an stádas sin do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas trí chinneadh d'aon toil, tar éis moladh a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Maidir leis na critéir pholaitiúla do bhallraíocht san Aontas, go háirithe, fuarthas amach go bhfuil dul chun cinn déanta ag na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas chun cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach a bhaint amach. Is féidir teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gur cheart na tríú tíortha sin ar deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas dóibh a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag na himthosca seo a leanas: tá bagairt thromchúiseach agus bagairt aonair sa tír ar bheatha an tsibhialtaigh nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. gur glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na tíre; ***nó i gcás*** ina bhfuil an ráta aitheantais ar fud an Aontais a bhaineann le hiarratasóirí ón tír níos airde ná 20 %. | (6) Dheonaigh an Chomhairle Eorpach an stádas sin do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas trí chinneadh d'aon toil, tar éis moladh a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Maidir leis na critéir pholaitiúla do bhallraíocht san Aontas, go háirithe, fuarthas amach go bhfuil dul chun cinn déanta ag na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas chun cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach a bhaint amach. Is féidir teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gur cheart na tríú tíortha sin ar deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas dóibh a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag ***aon cheann de na*** himthosca seo a leanas: tá bagairt thromchúiseach agus bagairt aonair sa tír ar bheatha an tsibhialtaigh nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí sa tír***, mura rud é go bhfuil an bhagairt teoranta do limistéar geografach sonrach agus gur féidir leis an sibhialtach rochtain a fháil ar chosaint éifeachtach i gcuid eile den tír;*** gur glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na tíre ***a dhéanann difear do chearta agus saoirsí bunúsacha agus atá ábhartha maidir le tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh*****;** i gcás ina bhfuil an ráta aitheantais ar fud an Aontais a bhaineann le hiarratasóirí ón tír níos airde ná 20 %. |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú ar fud na mBallstát uile, is gá sásra soiléir comhordaithe a bhunú chun a chinneadh cén uair nár cheart a mheas a thuilleadh gur tír shábháilte tionscnaimh í tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas. Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, ba cheart don Choimisiún measúnuithe rialta oibiachtúla a dhéanamh ar na himthosca ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, a thorthaí a chur in iúl do na Ballstáit trí fhógra foirmiúil. Ba cheart an fógra sin a chur ar fáil go poiblí agus ba cheart éifeacht aonfhoirmeach a bheith aige ar fud an Aontais ó dháta sonraithe.*** |

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Maidir leis an India, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 9 mBallstát an India faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 2 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón India in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht bhunreachtúil agus daonlathas parlaiminteach í an India. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hIndia á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go | (11) Maidir leis an India, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 9 mBallstát an India faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 2 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón India in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht bhunreachtúil agus daonlathas parlaiminteach í an India. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hIndia á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go |

| | |
|---|---|
| ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Cé go gcoinníonn an India pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, a bhfuil sé mar aidhm aige pionós an bháis a dhíothú, mar sin féin, níor cuireadh pionós an bháis i bhfeidhm go hiarbhír ó 2020. ***Dhaingnigh*** an India an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san India agus dá bhrí sin níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347. | ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Cé go gcoinníonn an India pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, a bhfuil sé mar aidhm aige pionós an bháis a dhíothú, mar sin féin, níor cuireadh pionós an bháis i bhfeidhm go hiarbhír ó 2020. ***Shínigh*** an India an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san India agus dá bhrí sin níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347. |
| | Or. en |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ***Mar sin féin,*** ós rud é, go ginearálta, nach bhfuil aon bhaol géarleanúna ná díobhála tromchúisí ann, de réir bhrí Rialachán 2024/1347, sa Bhanglaidéis, sa Cholóim, san Éigipt, san India, i Maracó agus sa Túinéis, chomh maith leis an gCosaiv mar iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas, mar a léirítear freisin leis na rátaí aitheantais an-íseal, ***ba cheart iad*** a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. | (16) Ós rud é, go ginearálta, nach bhfuil aon bhaol géarleanúna ná díobhála tromchúisí ann, de réir bhrí Rialachán 2024/1347, sa Bhanglaidéis, sa Cholóim, san Éigipt, san India, i Maracó agus sa Túinéis, chomh maith leis an gCosaiv mar iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas, mar a léirítear freisin leis na rátaí aitheantais an-íseal, ***is féidir teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann siad na critéir chun*** bheith ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. ***Tá an méid sin gan dochar don*** |

***fhéidearthacht atá ag na Ballstáit tríú tíortha eile a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus don fhéidearthacht tríú tíortha breise a ainmniú amach anseo mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais trí bhíthin leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Rialachán (AE) 2024/1348.***

Or. en

*Réasúnú*

*Chun solúbthacht an Aontais agus a Bhallstát a chaomhnú agus iad ag freagairt do chúinsí atá ag teacht chun cinn, is iomchuí a shoiléiriú nach bhfágann bunú liosta choitinn de thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais nach féidir leis na Ballstáit ainmniúcháin náisiúnta tríú tíortha eile a choinneáil nó a ghlacadh mar ainmniúcháin shábháilte, ná nach n-eisiatar leis tríú tíortha breise a áireamh ar liosta an Aontais amach anseo.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ós rud é gur féidir le staid na himirce athrú go tapa agus go bhfuil brú méadaithe ann mar thoradh ar theacht isteach sreafaí measctha a bhfuil cion ard díobh siúd a bhfuil seans íseal acu cosaint idirnáisiúnta a fháil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an foras a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le scrúdú na n-iarratas a leagtar amach in Airteagal ***41(1)(j)*** de Rialachán (AE) 2024/1348, ó dháta níos luaithe ná dáta ginearálta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus ar bhealach solúbtha d'athruithe ar na sreabha imirce. Ós rud é gur dócha go mbeidh iarratais ó na hiarratasóirí sin gan bhunús, dá ndéileálfaí leo go tapa i nós imeachta brostaithe nó i nós imeachta teorann, bheadh na húdaráis tearmainn agus imirce | (18) Ós rud é gur féidir le staid na himirce athrú go tapa agus go bhfuil brú méadaithe ann mar thoradh ar theacht isteach sreafaí measctha a bhfuil cion ard díobh siúd a bhfuil seans íseal acu cosaint idirnáisiúnta a fháil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an foras a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le scrúdú na n-iarratas a leagtar amach in Airteagal ***42(1)(j)*** de Rialachán (AE) 2024/1348, ó dháta níos luaithe ná dáta ginearálta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus ar bhealach solúbtha d'athruithe ar na sreabha imirce. Ós rud é gur dócha go mbeidh iarratais ó na hiarratasóirí sin gan bhunús, dá ndéileálfaí leo go tapa i nós imeachta brostaithe nó i nós imeachta teorann, bheadh na húdaráis tearmainn agus imirce |

| | |
|---|---|
| in ann measúnú níos éifeachtúla a dhéanamh ar fhíoréilimh, cinntí níos tapúla a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le feidhmiú níos fearr agus níos inchreidte na mbeartas tearmainn agus fillte, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. | in ann measúnú níos éifeachtúla a dhéanamh ar fhíoréilimh, cinntí níos tapúla a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le feidhmiú níos fearr agus níos inchreidte na mbeartas tearmainn agus fillte, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. |
| | Or. en |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 62 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Na tíortha ar deonaíodh stádas mar stáit is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas dóibh, ainmnítear iad mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, ach amháin má tá feidhm ag ceann amháin de na himthosca seo a leanas: | 1. Na tíortha ar deonaíodh stádas mar stáit is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas dóibh, ainmnítear iad mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, ach amháin má tá feidhm ag ceann amháin de na himthosca seo a leanas ***maidir leo***: |
| | Or. en |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 62 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá bagairt thromchúiseach agus bagairt aonair sa tír ar bheatha an tsibhialtaigh nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. | (a) tá bagairt thromchúiseach agus bagairt aonair sa tír ar bheatha an tsibhialtaigh nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí sa tír***, mura rud é go bhfuil an bhagairt teoranta do limistéar geografach sonrach agus gur féidir leis an sibhialtach rochtain a fháil ar chosaint éifeachtach i gcuid eile den*** |

***tír;***

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) 2024/1348

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gur glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na tíre; | (b) gur glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na tíre ***sin a dhéanann difear do chearta agus saoirsí bunúsacha agus atá ábhartha maidir le tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh, mar a leagtar amach in Airteagal 61*;** |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 62 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú rialta i dtaobh an bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) maidir le tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas. Sa chás sin, eiseoidh sé fógra foirmiúil chuig na Ballstáit, ina sonrófar an dáta nach measfar an tír lena mbaineann a bheith ina tír shábháilte thionscnaimh a thuilleadh ar leibhéal an Aontais.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú ar fud na mBallstát uile agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, is gá sásra soiléir comhordaithe a bhunú chun a chinneadh cén uair nár cheart a mheas a thuilleadh gur tír shábháilte tionscnaimh í tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas nó cén uair is féidir a stádas mar thír shábháilte tionscnaimh a athbhunú.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 62 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Eiseoidh an Coimisiún fógra foirmiúil do na Ballstáit freisin nuair a chinnfidh sé nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na himthosca dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c). I gcásanna den sórt sin, féadfar ainmniú na tíre mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a athbhunú, le héifeacht ón dáta a shonraítear san fhógra.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú ar fud na mBallstát uile agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, is gá sásra soiléir comhordaithe a bhunú chun a chinneadh cén uair nár cheart a mheas a thuilleadh gur tír shábháilte tionscnaimh í tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas nó cén uair is féidir a stádas mar thír shábháilte tionscnaimh a athbhunú.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 79 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm, áfach, ag Airteagal 59(2), | Beidh feidhm, áfach, ag Airteagal 59(2), |

| | |
|---|---|
| Airteagal 61(2) agus Airteagal 61(5) pointe (b) ó lá theacht i bhfeidhm Rialachán (AE).../... [lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348] a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an choincheapa '***tríú*** tír shábháilte' i gcomhréir le hAirteagail 36 agus 37 de Threoir 2013/32/AE agus 'tír shábháilte ***thionscnaimh***' i gcomhréir le hAirteagal 38 de Threoir 2013/32/AE.'; | Airteagal 61(2) agus Airteagal 61(5) pointe (b) ó lá theacht i bhfeidhm Rialachán (AE).../... [lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348] a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír ***thionscnaimh*** shábháilte' i gcomhréir le hAirteagail 36 agus 37 de Threoir 2013/32/AE agus '***tríú*** tír shábháilte thionscnaimh' i gcomhréir le hAirteagal 38 de Threoir 2013/32/AE.; |

Or. en

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is céim straitéiseach riachtanach é an togra seo i neartú oibríochtúil an Aontais Eorpaigh i réimse an tearmainn agus na himirce, ós rud é gurb é is aidhm dó cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a neartú, lena n-áirítear trí liosta de thríú tíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais agus trí chur i bhfeidhm forálacha áirithe den Chomhshocrú maidir le Tearmann agus Imirce a réamh-mheas, go háirithe na forálacha sin atá i Rialachán (AE) 2024/1348 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE ('an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn'), atá beartaithe anois do mhí an Mheithimh 2026.

Mar aon leis na tíortha sin ar deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas dóibh a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, chomh maith le hiarrthóir ionchasach ar aontachas agus liosta a bhunú de thíortha tionscnaimh breise a mheastar a bheith sábháilte ar leibhéal an Aontais, atá in Iarscríbhinn II, leis an togra le haghaidh Rialacháin, táthar ag súil go bhféadfaí tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú le heisceachtaí i gcás codanna áirithe den chríoch nó catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir, rud a thugann níos mó solúbthachta do na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus lena bhféadfaí iarratais arna ndéanamh ag náisiúnaigh tríú tíortha a phróiseáil a bhfuil cion na gcinntí lena ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta ar leibhéal an Aontais cothrom le nó níos ísle ná 20 % i gcomhthéacs nós imeachta teorann nó nós imeachta brostaithe;

I dtimpeallacht gheopholaitiúil agus imirce atá ag athrú go tapa, tá an tAontas ag tabhairt faoi aistriú paraidíme go diongbháilte maidir le sreabha imirce a bhainistiú, ag imeacht de réir a chéile ó chuir chuige neamhéifeachtacha i dtreo samhlacha a bhí ann roimhe seo. Tá an treoshuíomh nua beartais agus rialála sin bunaithe ar fhís níos struchtúrtha, níos pragmataí agus níos comhsheasmhaí ina bhfuil riachtanais phráinneacha na slándála, na héifeachtúlachta agus na dlúthpháirtíochta agus léiríonn sé an toil shoiléir atá ann uirlisí coiteanna, tráthúla agus láidre ó thaobh an dlí de a thabhairt don Aontas, lena mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce ar bhealach sábháilte inbhuanaithe, agus lánurraim á tabhairt do bhunphrionsabail dhlíchóras na hEorpa. Leis an togra, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart chun tearmainn agus cosaint i gcoinne *refoulement* dá bhforáiltear in Airteagail 18 agus 19 den Chairt.

Is díol sásaimh an togra ón gCoimisiún, dá bhrí sin, agus aithnítear go bhfuil luach straitéiseach leis, rud a fhágann gur féidir na forálacha is práinní agus is oibríochtúla den Chomhshocrú a réamh-mheas, agus a chuireann le cumas an Aontais agus a Bhallstát gníomhú cheana féin sa ghearrthéarma.

Tá cúis leis an luasghéarú sin i gcomparáid leis an tréimhse ama tosaigh mar gheall ar an ngá atá ann gan acmhainní a bheith ag an Aontas agus na Ballstáit go dtí mí an Mheithimh 2026, i gcomhthéacs ina bhfuil gá le freagairtí tapa éifeachtacha ar bhrú imirce agus ar dhúshláin a bhaineann le filleadh, bainistiú teorainneacha agus bainistiú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Is sa chomhthéacs sin atá an togra seo le haghaidh Rialacháin, arb é is aidhm dó cur i bhfeidhm praiticiúil an choincheapa 'tír shábháilte thionscnaimh' a chomhdhlúthú, mar phríomhuirlis chun scrúdú na n-iarratas ar dócha go mbeidh siad gan bhunús a éascú agus a bhrostú agus chun bainistiú níos éifeachtúla agus níos inchreidte ar an gcóras Eorpach

tearmainn a áirithiú.

Sa chomhthéacs sin, meastar go bhfuil sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go gasta le scrúdú agus formheas an togra, agus moilleanna a sheachaint lena mbainfí an bonn dá éifeachtacht. Ainmnítear sa togra tíortha is iarrthóirí agus iarrthóir ionchasach (an Chosaiv) ar bhallraíocht san Aontas, mar a bhíothas ag súil leis, chomh maith le sé thír eile, an Bhanglaidéis, an Cholóim, an Éigipt, an India, Maracó agus an Túinéis, mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Faoin rialachán maidir le nós imeachta tearmainn, i gcás ina dtagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ó thír shábháilte thionscnaimh, cuirfear dlús leis an scrúdú ar iarratas agus cuirfear i gcrích é laistigh de 3 mhí ar a mhéad. Thairis sin, murar údaraíodh an t-iarratasóir fós dul isteach i gcríoch na mBallstát, féadfaidh Ballstát an t-iarratas a scrúdú trí nós imeachta teorann.

Maidir le hainmniúcháin, táthar ag tacú, dá bhrí sin, le cinneadh an Choimisiúin tíortha a bhfuil stádas mar iarrthóir nó mar iarrthóir ionchasach faighte acu ar aontachas leis an Aontas Eorpach a áireamh i measc na dtíortha sábháilte tionscnaimh. Creidimid go bhfuil an rogha sin ceart agus comhsheasmhach leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar thoimhde uathoibríoch, ach ní hamháin sin, ar anailís theicniúil agus il-leibhéil arna déanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) freisin. Leis an anailís sin, rinneadh measúnú críochnúil ar staid an dlí, na n-institiúidí agus na gceart bunúsach i ngach tír, gan beann ar a gconair aontachais.

Is iad na critéir a chuirtear i bhfeidhm na critéir sin a leagtar síos sa Rialachán Cáilitheachta (AE 2024/1347) agus sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, agus áirítear leo fíorú nach ann do ghéarleanúint shistéamach, díobháil thromchúiseach agus sáruithe struchtúracha ar chearta an duine. Dá bhrí sin, tá an t-ainmniú bunaithe ar pharaiméadair oibiachtúla, infhíoraithe agus chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta agus le bunphrionsabail dhlíchóras na hEorpa.

Ag an am céanna, cuirtear san áireamh sa togra go bhféadfadh roinnt fadhbanna teacht chun cinn, agus ar an gcúis sin foráiltear do shásra dinimiciúil athbhreithnithe ar an liosta, lena gceadófar an t-ainmniú sin a chur ar fionraí nó a athshlánú i bhfianaise na staide atá ag teacht chun cinn.

Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin sna Ballstáit uile agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a áirithiú, meastar, áfach, gurb iomchuí roinnt leasuithe ar an téacs a thabhairt isteach, chun bunús níos fearr a thabhairt leis na coinníollacha lena dtugtar údar leis an bhfionraí agus chun sásra soiléir comhordaithe a bhunú chun a chinneadh cén uair nach féidir tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas a mheas a thuilleadh mar thír shábháilte thionscnaimh, nó gur féidir í a athimeascadh tar éis fionraí. Meastar, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún measúnuithe rialta oibiachtúla a dhéanamh ar na himthosca ábhartha agus toradh na measúnuithe sin a chur in iúl go foirmiúil do na Ballstáit. Ba cheart an fógra sin a chur ar fáil go poiblí agus ba cheart éifeacht aonfhoirmeach a bheith aige ar fud an Aontais ó dháta sonraithe.

Táthar ag tacú le hainmniú na dtíortha atá liostaithe san Iarscríbhinn, ós rud é gur céim nithiúil riachtanach é sin chun córas tearmainn Eorpach atá comhchoiteann, comhleanúnach agus feidhmiúil a thógáil. Cuirtear i bhfáth arís eile go bhfuil aon ainmniú bunaithe ar anailís theicniúil chríochnúil arna déanamh ag EUAA, bunaithe ar fhoinsí cáilithe agus ar chritéir

oibiachtúla a shainítear i rialacháin Eorpacha, atá trédhearcach agus inrochtana, ós rud é go gcuirtear ar fáil do na Feisirí é ar bhonn na rialacha atá i bhfeidhm agus lenar féidir rochtain a fháil ar fhoinsí.
Rinneadh measúnú ar na tíortha atá san áireamh ar bhonn a gcumais a áirithiú go struchtúrach nach ann do ghéarleanúint agus díobháil thromchúiseach, chomh maith le sásraí cosanta dlíthiúla agus institiúideacha a bheith ann. Mar sin féin, tá toimhde na sábháilteachta fós insáraithe don duine aonair, i gcomhréir le prionsabal an mheasúnaithe aonair agus leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

Ba cheart a chur i bhfios go láidir go bhfágann ainmniú mar 'thír thionscnaimh shábháilte' go bhféadfaí measúnú aonair a dhéanamh ar iarratais agus go bhféadfaí an ceart atá ag gach iarratasóir a leochaileacht phearsanta nó a riosca pearsanta a léiriú, i gcomhréir leis na ráthaíochtaí a leagtar síos sa reachtaíocht Eorpach. Is é sin le rá, ní chuireann an togra deireadh le prionsabal an mheasúnaithe aonair, ach comhtháthaítear é i gcóras níos éifeachtúla, rud a laghdaíonn an baol mí-úsáide agus a fhágann gur féidir acmhainní a dhíriú ar na cásanna is casta agus is leochailí, a ngearrtar pionós orthu faoi láthair, rud atá aisteach go leor. Ní hionann cur i bhfeidhm brostaithe nósanna imeachta agus diúltú don cheart chun tearmainn, ach cuíchóiriú an chórais, atá thíos le ró-ualú agus moill struchtúrach faoi láthair.

Cuirtear i bhfáth freisin gur iarr an Coimisiún Eorpach ar EUAA a anailís a dhíriú ar líon teoranta tíortha, arna roghnú ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear ráta aitheantais faoi bhun 5 %. Leis an gcur chuige sin, bhíothas in ann gearrliosta oibríochtúil a bhunú, rud atá úsáideach chun tús a chur leis an bpróiseas go tapa. Tugtar faoi deara, áfach, nach n-ídítear cur i bhfeidhm féideartha choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh leis an liosta sin.
Is túsphointe é, a fhéadfar a leasú agus a leathnú, i bhfianaise gnéithe eile freisin, lena n-áirítear ainmniúcháin atá ar liostaí náisiúnta go leor Ballstát cheana féin.

Mar fhocal scoir, luíonn an togra go hiomlán leis an bhfís straitéiseach maidir leis an athchóiriú ar an gcóras Eorpach tearmainn, arb é is aidhm dó neamhéifeachtúlachtaí an ama a chuaigh thart a shárú agus samhail a thógáil atá bunaithe ar rialacha soiléire, ar chomhar idir na Ballstáit, ar shlándáil agus ar chosaint na gceart bunúsach. Ní hamháin gur céim nithiúil i dtreo córas níos inchreidte agus níos éifeachtúla é liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh a ghlacadh go luath, mar aon leis na gnéithe eile den togra, ach is comhartha láidir polaitiúil é freisin: tá an tAontas réidh le gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce le déine, daonnacht, éifeachtacht agus fadbhreathnaitheacht.
Is éard atá i gceist le tacú leis an togra seo Eoraip a roghnú atá níos comhsheasmhaí lena luachanna, atá sábháilte agus cóir.
Is éard atá i gceist leis réitigh oibríochtúla a chur i bhfeidhm lena neartaítear muinín na saoránach agus an comhar idir na Ballstáit.